

“....chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud fad na hÉireann.”

Nuachtlitir an Earraigh 2013

Nuacht na hEarnála

COGG – Déan stocaireacht ar bhur teachtaí dála áitiúla!

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



gaelscolaíochta agus Gaeltachta maidir leis na nithe a bheadh de dhíth orthu. Le cinntiú nach dtarlaíonn seo, tá tábhacht ar leith ann go leanfaí ag maoiniú na heagraíochta go díreach agus go mbeidh COGG go hiomlán i gceannas ar a mbuiséad féin mar a bhaineann sé lena gclár oibre.

Mar chuid de stocaireacht náisiúnta faoi cur chun cinn na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge, tá Gaelscoileanna Teo. ag comhoibriú le 63 eagraíocht eile le cosaint a dhéanamh ar stádas COGG. Bheadh muid go mór faoi choimín **dá bhféadfadh do scoil an scéal seo a scaipeadh ar phobal na scoile agus iarraidh ar daoine na hachainí thíos a chur faoi bhráid na teachtaí dála áitiúla atá sa scoilcheantar** ar mhaithe le todhchaí COGG:

1. Go mbeidh buiséad COGG imfháilithe i gcónaí (sé sin nár cheart go mbeadh aon chumhacht ag an CNCM ar bhuiséad COGG)
2. Go ndéanfaí neamhspleáchas Bord COGG a choimeád agus go bhfuil gá ag aontú scríofa a bheith ann ón Stáit ina leith (ní chóir go mbeadh bord COGG faoi smacht ag bord CNCM)
3. Gur féidir le hoifig COGG a bheith mar shatailít den CNCM ach nach féidir foireann COGG a lonnú in oifigí an CNCM.

Teastaíonn ón Rúnaí Ginearálta go ndéanfaí COGG a lonnú in oifigí an CNCM, rud a chiallódh nach mbeidh foireann COGG in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Tá buairt ann go gcaillfidh an eagraíocht neamhspleáchas agus go mbeidh sí mar fhoth-rannóg den CNCM, go háirithe nuair a bheidh ré bhord reatha na heagraíochta thart i 2014. Chiallódh seo go mbeadh níos lú ionchur ón earnáil

Is mór an chabhair a chuireann COGG ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge, agus ba mhór againn dá bhféadfadh na scoileanna cabhrú le COGG in am a ghátair.



Foras na Gaeilge

Scéalta na mBunscoileanna

Cuimhní Cinn Majella Uí Mhaoine ar Bhunú Oideachais Lán-Ghaeilge i mBaile Stíl, Doire Cholmcille 1983 – 2013



Is

maith is cuimhin liom an lá a thosaigh mé mo chéad phost teagaisc i mBunscoil Bhaile Stíl i 1983. Cuireadh tasc tromchúiseach, dúshlánach romham de bheith ag múineadh grúpa de cheithre pháiste fichead, iad spréite thar réimse bliaingrúpaí ón chéad bhliain go dtí an ceathrú bliain scoile, agus de bheith ag deimhniú go dteagascóinn curaclam iomlán, leathan, tomhaiste trí mheán na Gaeilge dóibh agus páistí ina measc nach raibh aon Ghaeilge acu a d'aistrigh ó scoileanna Béarla! Mar bhall ar an slacht bhí mé le fáil amach gur mise an chéad oide san Aonad Gaeilge agus nach mbeadh aon oide eile ag obair i dteannta liomsa!

Rinneadh mo thasc níos fusa, áfach, tríd an tacaíocht iontach a thug Príomhoide an ama sin, An tUasal Jim Quinn agus an Leas-Phríomhoide, Mrs. Shiela Quigley dom. Bhí ríméad ar na tuismitheoirí a bhí ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge as bunscolaíocht trí Ghaeilge a bheith ar fáil dá gcuid páistí.

Níorbh é seo ach an dara thionscnamh den chineál seo i dTuaisceart na hÉireann a spreagadh tríd an obair cheannródach a rinneadh in Iarthar Bhéal Feirste ó bhí 1969 ann trí bhunadh Náiscoil Bhreandáin agus Bhunscoil Phobal Feirste. Ba é seo an chéad uair a bunaíodh aonad tumoideachais mar chuid de scoil Bhéarla seanbhunaithe, seift a bhfuil aithris uirthi go minic ó shin. Bunaíodh grúpa tacaíochta tuismitheoirí, Cairde na

Gaelscoile, agus bhí ról an-tábhachtach ag an ghrúpa ag cinntiú go raibh modh taistil ar fáil do pháistí ó gach chuid den chathair a bhí ag freastal ar an tionscnamh tumoideachais nua. Ina theannta sin d'eagraigh siad neart imeachtaí seach-churaclaim do na páistí agus de réir a chéile spreagadh daoine eile chun naíolanna súgartha Gaeilge a bhunú sa chathair.

Lean an tumoideachas de bheith ag bláthú de réir mar a mhéadaigh líon daltaí. Ceapadh oidí úra gach bliain agus roimh i bhfad bhí foireann ard-spreagtha, díograiseach againn.

I ndiaidh deich mbliain bhí casadh eile i scéal fhorbairt an tumoideachais san Iarthuaisceart nuair a socraíodh go mbunófaí bunscoil úr neamhspleách darbh ainm Bunscoil Cholmcille. D'aistrigh naonúr n-oide agus céad dalta go leith ón Aonad Gaeilge agus i 1993 d'oscail Bunscoil Cholmcille béal dorais le Bunscoil Bhaile Stíl agus thar cheithre scór is céad dalta cláraithe. D'oibrigh an dá scoil as lámha a chéile agus ar leas a chéile ó shin i leith.

Sa bhliain 2000 cuireadh réamhscolaíocht reachtúil ar fáil don phobal trí Ghaeilge nuair a d'oscail Náiscoil Dhoire ar shuíomh na Bunscoile agus tá idir náiscolaíocht agus bunscolaíocht á dtairiscint ar shuíomh Bhóthar Bhaile Stíl go dtí an lá atá inniu ann.

Tá an tumoideachas ar fáil ar Bhóthar Bhaile Stíl le tríocha bliain anois. Bhí ról rí-thábhachtach ag gach duine a raibh baint acu le bunú agus le soláthar tairbheach an tumoideachais i mBaile Stíl. De thairbhe a gcuid oibre uilig léiríodh agus cruthaíodh don phobal i gcoitinne go bhféadfadh oideachas lán-Ghaeilge feidhmiú go rathúil ar bhunús teangeolaíochta agus ar bhunús oideachais araon. Ní mór cóiríocht chuí, nua-aimseartha a sholáthar do phobal na scoile go fóill ach cé fíos go gcuirfear ar fáil lá inteacht í.

Grianghraf: An chéad ghrúpa daltaí tumoideachais i nDoire Cholmcille 1983.

Scéalta na nIar-bhunscoileanna & na nAonad

Lá Spraoi i gCaisleán Uidhilín

Roimh na Nollag d'eagraigh Sruth na Gaeilge in Ardscoil Naomh Maolmhaodhóg Lá Spraoi do na bhunscoileanna áitiúla.

Chaith siad an lá le daltaí an tSrutha ag déanamh imeachtaí éagsúla; Eolaíocht, Spórt agus Spáinnis ina measc.

D'fhreastal daltaí ó Bhunscoil Bheanna Boirche Caisleán Uidhilín agus ó Bhunscoil Mhuire agus Phádraig Dún Pádraig ar an lá.



Coláiste Daibhéid ag dul ó neart go neart san Fhilíocht

Cosúil le anuraidh, thosaigh an scoil-bhliain 2012-2013 le buaiteoirí ón scoil ag déanamh gaisce sa chomórtas, **Cuisle** – File Óg na mBliana. Is comórtas filíochta é seo atá curtha i láthair ag Féile Filíochta Idirmáisiúnta a tharlaíonn i gcathair Luimní go bliantúil.

Lean an féile ón 10ú – 13ú Deireadh Fomhair 2012 agus mar chuid de, bhí an comórtas File Óg na mBliana. Tá an comórtas oscailte do gach uile scoil sa tír, meán-scoileanna agus bun-scoileanna araon. Glacann an comórtas le dánta cumtha tré mheán na Gaeilge agus an Bhéarla comh maith.

Bhí lá bronnta ar an Satharn, 13ú Deireadh Fomhair san ionad ealaíne *Daghda* i gcathair Luimní. Bhuaigh Sophie Nic Coinnigh ó Choláiste Daibhéid an príomh dhuais – an chéad áit sa sraith sínsearach Béarla leis a dán *The Owl Mask* agus an chéad áit sa sraith sínsearach Gaeilge leis a dán *Aillte Mhóthair*. Bhí Rebecca Ní Chiniféic ard mholta sa chomórtas freisin.

Tamall gairid i ndíadh an bua sin, d'éirigh go hiontach maith le Glenn Ó Doinnlé sa chomórtas filíochta labhartha, **Poetry Aloud**.

Chuaigh sé an tslí ar fad ó na coimhlintí réigiúnacha go dtí an leath-chraobh agus ar aghaidh go dtí an Craobh san Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliatha ar an 7ú Nollaig. Ciallaíonn sé sin go raibh sé sa tríocha deireanach sa tír as breis is 2,600 a ghlac páirt sna coimhlintí réigiúnacha ag tús an chomórtais. Mar a dúirt duine de na moltóirí ar an lá, ba bhuaiteoir gach aon dhuine acu as an tríocha.



Grianghraf: Sophie agus Rebecca leis an bhfile Paddy Bushe.

Gael Linn



Coláistí Samhraidh atá difriúil

- Béim ar labhairt na Gaeilge
- Béim ar ghníomhaíochtaí praiticiúla
- Rogha de chúrsaí 3 seachtaine
- Cúrsa bunaithe ar **TEG** [Teastas Eorpach na Gaeilge]

Coláiste Gael Linn Riocaird Bairéid Eachléim, Co. Mhaigh Eo.

- Modúl scannánaíochta

Coláiste Gael Linn Bhaile Bhúirne Baile Bhúirne, Co. Chorcaí.

- Béim ar na spóirt dhúchasacha

Coláiste Gael Linn Bhun an Inbhir Bun an Inbhir, Co. Dhún na nGall.

- Modúl roghnach spóirt uisce



Le $\frac{1}{2}$ scoláireacht a bhaint le freastail ar chúrsa i gColáiste Gael Linn Riocaird Bairéid níl le déanamh agat ach 1) d'ainm 2) do sheoladh baile 3) do sheoladh rphoist agus 4) ainm & seoladh do scoile a chur chuig eolas@gael-linn.ie agus comórtas gaeilscoileanna mar ábhar sa rphost.



Bróisiúir & eolas: Teil: 1890 675 675 nó www.gael-linn.ie
Dáta deiridh don chomórtas: 1 Bealtaine 2013

Nuacht na hEagraíochta

Cuí chóiriú na n-eagraíochtaí Gaeilge

Tá Foras na Gaeilge fós i mbun cuíchóiriú a dhéanamh ar na heagraíochtaí Gaeilge atá faoina choimirce. Cinneadh mí Iúil seo chaite, tar éis próiseas comhairliúcháin leis na heagraíochtaí agus leis an bpobal i gcoitinne, nach rachfar ar aghaidh leis an samhail mar a bhí beartaithe ag an bhForas.

Mar sin tugadh faoi phróiseas nua le teacht ar samhail eile le hairgead a shábháil san earnáil. Caitheadh roinnt mhaith ama le linn an tsamhraidh agus ó shin ag cruinnithe aonair agus cruinnithe téamacha leis an bhForas, chomh maith le ceardlanna idir-eagraíochtaí inar pléadh téamaí éagsúla maidir le cur chun cinn na Gaeilge (nó an ghaeloideachais inár gcás). Uaidh seo d'ullmhaigh Foras na Gaeilge moltaí agus cuireadh ar aghaidh chuig na hAíre ar an dá thaobh den teorann (An tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus

An tAire Cultúr, Ealaíon agus Fóillíochta (i dTuaisceart Éireann) iad le plé a dhéanamh orthu. Níl an Comh-aireacht Thuaidh Theas tar éis aon chinneadh a ghlacadh go fóill maidir leis an dul chun cinn gur ceart a dhéanamh agus tá síneadh 6 mhí eile tugtha don earnáil ó thaobh bunmhaoinithe de.

Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé leis an bhForas agus leis na heagraíochtaí eile bunmhaoinithe tríd an bpróiseas seo le cinntiú go dtugtar guth na hearnála gaeiloideachais san áireamh in aon chóras maoinithe a bheidh ar fáil d'eagraíochtaí tacaíochta Gaeilge amach anseo. Coimeádfaimid sibh ar an eolas maidir le dul chun cinn sa phróiseas seo, agus beimis ag éileamh agus ag súil leis go mbeidh aon athrú chun leasa na hearnála agus pobail na scoileanna lán-Ghaeilge.


Feidhmeannach Nua le GAELSCOILEANNA TEO.

Tá an-áthas orainn a fhógairt go bhfuil Aonghus Ó Lochlainn tosaithe leis an eagraíocht mar Fheidhmeannach. Tagann Aonghus i gcomharbacht ar Clare Walsh a d'fhág an eagraíocht i mí Meán Fómhair seo caite le dul ag obair leis an Roinn Oideachais ó Thuaidh.

I measc taithí fostaíochta Aonghus, áirítear obair riaracháin le COGG agus Oxfam,

cisteoireacht ar cumann ceoil Choláiste na Tríonóide, agus craoladh nuachta agus ceoil le Raidió na Life.

Is cinnte go mbeidh sé mar bhall luachmhar d'fhoireann na heagraíochta agus cuirfimid fáilte mhór roimhe!



Cláraigh don seirbhís
nuachta le ríomhphost
laethúil a fháil:
www.gaelscoileanna.ie

An bhfuil acmhainní ranga le roinnt
agat le múinteoirí eile?

Tá rannóg nua á fhorbairt againn do
mhúinteoirí ar an suíomh gréasáin
agus ba mhór againn cloisteáil uait.

Seol ríomhphost chuig
oifig@gaelscoileanna.ie

Pleanáil Scoileanna

Bunscoileanna Nua



ilchreidmheacha agus comhoideachais a bheidh iontu. Tá súil ag an Roinn suíomhanna na scoileanna a fhógairt go luath, agus ceapfar príomhoidí orthu roimh dheireadh na scoilbhliana reatha.

Beidh an pátrún agus GAELSCOILEANNA TEO. ag tapú an deis obair i gcomhar leis na tuismitheoirí leis na scoileanna a bhunú, ainmneacha agus éide na scoileanna a roghnú agus eile. Ba mhór le An Foras Pátrúnachta cloisteáil ó éinne gur mian leo suí ar choistí bunaithe na scoileanna nó gur mian leo páiste a chlárú. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo ar 01 6294110 nó eolas@foras.ie. Anuas air seo is féidir glaoch a chur ar Clare ag 01 8535193 nó ríomhphost a chur chuig cspainneach@gaelSCOILEANNA.ie le heolas ginearálta a fháil maidir le scoileanna nua agus buntáistí na gaelSCOILAÍOCHTA.

Fáiltímid go mór roimh an nuacht go mbeidh trí bhunscoil lán-Ghaeilge nua á oscailt i Meán Fómhair 2013. Beidh na scoileanna lonnaithe i dTeach na Giúise (Baile Átha Cliath 24), An Chéim (Baile Átha Cliath 18) agus Baile Chill Dara. An Foras Pátrúnachta a bheidh mar phátrún orthu, agus is scoileanna

Scoileanna ag iompú ar an nGaelscolaíocht



Is ceann de scéalta ratha na gaelSCOILAÍOCHTA í Gaelscoil Thromaíre, Maighean Rath, Co. Laoise, scoil bheag tuaithe a d'aistrigh le bheith ina scoil lán-Ghaeilge faoi stiúir an phríomhoide, Liam Ó Néill. I 2012, lean scoil beag tuaithe eile an deá eiseamláir a leagadar síos agus tá Scoil Náisiúnta an Clocháin i gCo. Na Gaillimhe anois ina scoil lán-Ghaeilge chomh maith. Tá beirt mhúinteoir agus seachtar ndalta déag ag an scoil i láthair na huaire agus creideann siad gur rud an dearfach dóibh é feidhmiú anois mar scoil lán-Ghaeilge. Is féidir nuacht na scoile a léamh ar www.scoilanlochlain.scoilnet.ie agus is léir ó bhlag na scoile go mbíonn an t-uafás ar bun acu.

Tá fiosrúcháin faighte ag GAELSCOILEANNA TEO. ó dhá scoil eile le déanaí gur mian leo amhlaidh a dhéanamh agus cé nach bhfuil próiseas ná polasaí ag an Roinn Oideachais agus Scoileanna ina leith, déanfaidh an eagraíocht gach iarracht treoir agus tacaíocht a chur ar fáil d'aon scoil gur mian leo oideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn, bunaithe ar chomhairle agus dea-chleachtas na scoileanna lán-Ghaeilge, atá mar chroí agus crann taca na heagraíochta.

Grianghraf: Daltai ó Scoil an Clocháin, Tuaim, Co. na Gaillimhe.

Comórtas Tallainne Scléip 2013

B'iontach an lá a bhí againn san Axis i mBaile Átha Cliath ar an 9 Márta, nuair a chur an 16 scoil a bhí san iomaíocht i mbabhta ceannais Scléip siamsaíocht den scoth ar stáitse romhainn. Bhí ríméad orainn Kila a bheith linn i mbliana, le Rossa mar fhear a' tí agus Rónán, Colm agus Eoin mar mholtóirí. Bhí dúshlán acu buaiteoirí a roghnú toisc feabhas agus ardchaighdeán na léirithe ar fad agus thug siad ard-mholadh do na rannpháirtithe uile as an muinín agus tallann a léirigh siad os comhar an tslua.



Bhí an ceoltóir agus craoltóir Fiachna Ó Braonáin linn arís i mbliana le taifead a dhéanamh ar an gcomórtas, agus craolfar 5 chlár bunaithe ar chraic agus ceol *Scléip 2013* ar Raidió na Gaeltachta. Tá súil againn go mbainfidh rannpháirtithe *Scléip 2013* oiread taitneamh as bheith ina réaltaí raidió is a bhain iomaitheoirí na bliana seo caite. Is cinnte gur bhain éisteoirí Raidió na Gaeltachta an-sult as na cláir, a tugadh ard-mholadh dóibh as feabhas an cheol agus siamsaíocht a bhí le cloisteáil iontu. Foilseofar dátaí craolta na gclár ar www.gaelscoileanna.ie amach anseo.

stáitse i mbliana; na scoileanna, na múinteoirí, na daltaí agus a dtuismitheoirí, na moltóirí agus láithreoirí, foireann na hamharclann, Fiachna Ó Braonáin agus Raven Productions, Kila, Niamh Spain (a rinne na duaiseanna), Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Foras na Gaeilge. Táimid ag súil cheana féin le Scléip 2014!

Tá liosta na mbuaiteoirí agus grianghraif ón lá le feiceáil ar www.gaelscoileanna.ie.

Ba mhór linn buíochas ó chroí a ghabháil le gach éinne a chabhraigh linn Scléip a chur ar

Grianghraf: Gearóid Ó Gealbháin, Gaelcholáiste Chiarraí a bhuaigh duais Scléip.

Kíla ar chamchuart agus sna scoileanna lán-Ghaeilge!

Mar chuid de cheiliúradh 25 bliain de chuid Kíla táid ag déanamh 13 cheolchoirm i 7 n-ionad ealaíon fud fad na cathrach. Beidh siad ag díriú isteach ar albaim éagsúla chuile oíche

agus ag meascadh na foinn sin leis an méid ata ar bun acu na laethanta seo. Freisin beidh siad ag cur a seó leanaí ar siúil do na scoileanna áitiúla sna hionaid éagsúla.



Camchuart Bhaile Átha Cliath

(beidh na ceolchoirmeacha i rith an lae oiriúnach do dhaoine faoi 18)

- 23 Márta Luna Park sa Millbank Theatre, Ros Eo 3in & 8in
- 28 Márta Soisín/Kíla-Okí sa Mill Theatre, Dún Droma 1in & 8in
- 30 Márta Gamblers Ballet sa Mermaid, Bré 2in & 8in



Cúrsaí sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach in An Scríobhlann i 2013

An bhfuil tusa ar dhuine de na daoine úd a bhfuil sé de rún agat le fada an lá do scileanna sa scríbhneoireacht chruthaitheach a fheabhsú ach nach ndearna dada faoi go nuige seo? Más ea, tapaigh an deis faoi threoir údair agus teagascóirí oille aitheanta in:

An Scríobhlann / The Writing House



Tabharfar réimse cúrsaí d'fhadanna éagsúla, idir Ghaeilge agus Bhéarla, i rith 2013:

- Cúrsaí i Scríobh an Ghearrscéil
- Cúrsaí i Scríobh an Úrscéil (an t-úrscéal comhaimseartha agus/nó an t-úrscéal staire)
- Cúrsaí (do mhúinteoirí) i Scríobh & Teagasc an Ghearrscéil sa Seomra Ranga
- Cúrsaí (do mhúinteoirí) sa Litearthacht & Teagasc an Ghearrscéil
- Cúrsaí (do dhaltai dara leibhéil [in éindí lena múinteoir]) i Scríobh an Ghearrscéil
- Dianchúrsa 6 deireadh seachtaine i Scríobh an Ghearrscéil & an Úrscéil
- Cúrsaí i Scríobh agus Déanamh Léaráidí do Phictiúrleabhair do Pháistí
- Agus cumtar cúrsaí le dul i bhfeiliúint do riachtanais ghrúpaí ar leith

An Scríobhlann / The Writing House: Tá An Scríobhlann lonnaithe i mBaile Uí Bheacháin ar shleasa sléibhte na Boirne. Is ionad custaim-dhéanta é atá dírithe ar ghrúpaí beaga (idir dhaoine fásta agus daltaí dara leibhéil [in éindí lena múinteoir]) ar spéis leo ceird na scríbhneoireachta a fhoghlaim. Tugtar cúrsaí réamhdheartha ann chomh maith le cúrsaí a chumtar chun dul i bhfeiliúint do riachtanais aon ghrúpa ar leith.

Na Teagascóirí:

Ré Ó Laighléis:

- Duine de na scríbhneoirí próis (idir Ghaeilge agus Bhéarla) is mó aitheantais le fiche bliain anuas. Scríobhann sé don léitheoir óg, don déagléitheoir agus don léitheoir fásta.
- Saothraíonn sé idir ghearrscéalta agus úrscéalta, idir dhrámaí agus phictiúrleabhair.
- Mórchuid dá shaothair Ghaeilge agus Bhéarla aistrithe go teangacha eile.
- Taithí 30 bliain aige mar theagascóir bun-leibhéil, meán-leibhéil agus tríú leibhéil.
- Iarchéimeanna gnóthaithe aige in Oideachas na Léitheoireachta.
- Iar-Scríbhneoir Cónaitheach le Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Comhairle Chontae Mhaigh Eo, Ionad Cultúrtha Bhaile Mhúirne srl.
- Cláraithe mar Shaineolaí Comhairleach sa Léitheoireacht leis an Massachusetts State Board of Education ó 1983 i leith.

AnnMarie McCarthy:

- Ealaíontóir na leabhar *Fungie, Fungie & Mara, Fungie & An Tíne Mhór, An Coileach a Chaillean a Ghlór* srl.
- Céim de chuid an Limerick College of Art & Design agus London Art College.
- Teagascóir aitheanta ar cheardlanna ealaíne do pháistí agus mhúinteoirí i scoileanna agus leabharlanna anseo in Éirinn agus thar lear.

Gach eolas ar fáil ó: MÓINÍN, Loch Reasca, Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir.
Fón/Facs: 065 7077256 ríomhphost: moinin@eircom.net www.moinin.ie

Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

Oiliúint Airgeadais do na Boird Bainistíochta

Tá Gaelscoileanna Teo. agus Foras Pátrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge ag comhoibriú chun oiliúint a chur ar fáil do bhoird bainistíochta na mbunscoileanna, de réir na modúil atá aitheanta go náisiúnta ag an Roinn Oideachais & Scileanna. Cuirfear an modúl 'Airgeadas Boird agus Ról an Chisteora' ar fáil le linn mí Aibreán.

Is modúl an-tábhachtach é an modúl seo, os rud é go bhfuil freagracht ar gach Bord riaradh ceart a dhéanamh ar airgeadas na scoile. Tá sé riachtanach go dtuigeadh gach éinne ar an mBord go bhfuil baill uile an Bhoird freagrach as seo, cé gur an cisteoir, an príomhoide agus cathaoirleach na scoile don chuid is mó a bhíonn ag plé le cúrsaí airgeadais ó lá go lae.

Ar an mbonn sin fáiltíonn muid roimh gach éinne ar na Boird freastal ar an modúl le tuiscint a fháil ar na freagrachtaí atá orthu.



Tá na sonraí maidir le dátaí agus ionaid le feiceáil thíos agus iarrann muid ar na scoileanna teacht ar ais go Gaelscoileanna Teo. roimh an **10 Aibreán** ar a dhéanaí más mian le hionadaithe an Bhoird freastal orthu. Mura bhfuil dóthain éilimh orthu d'fhéadfaí go gcuirfí ar ceal iad. Tá na foirmeacha clárúcháin seolta chuig na scoileanna agus tá siad ar fáil ar www.gael scoileanna.ie chomh maith.

15 Aibreán	Óstán Green Isle, Crosaire Newlands, BÁC 22	19.00 - 21.30
17 Aibreán	Óstán Tullamore Court, An Tulach Mhór (de réir éilimh)	19.00 - 21.30
18 Aibreán	Ionad Oideachais Shligigh, Sligeach	19.00 - 21.30
18 Aibreán	Óstán Moran Silver Springs, Corcaigh	19.00 - 21.30



Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) 2013 Scrúduithe cumais sa Ghaeilge

Cáilíocht bhreise a bheidh ina buntáiste don seomra ranga. Déan tástáil ar do leibhéal Gaeilge agus cuir barr feabhais ar do scileanna teanga. Beidh scrúduithe TEG ó Bhonnleibhéal go hArdleibhéal, ar siúl i 10 n-ionad ar fud na tíre ar na dátaí seo:

Meánleibhéal 2 (B2): 20.04.2013
Meánleibhéal 1 (B1): 27.04.2013
Bonnleibhéal 2 (A2): 11.05.2013

Bonnleibhéal 1 (A1): 25.05.2013
Ardleibhéal (C1): Eanáir 2014

Is é an **1 Aibreán** spriodhata d'iarratais.

Tuilleadh eolais: www.teg.ie teanga@nuim.ie 01 708 3737 nó 01 708 6417

Gailearaí



Laochraí GCSE Shruth na Gaeilge, Scoil Iósaef ar turas go Gaeltacht Thír Chonaill



Gaelscoil Phortlaoise ag Curaidh Cumann na mBunscol Laoise 2012

Gailearaí



An bua faighte ag Coláiste Ailigh i gcluiche ceannais cispheile na hÉireann faoi 16



Ag Comhdháil Bhliantúil Chomhairle na Gaelscolaíochta, Julian de Spáinn (Ceannasaí Chomhradh na Gaeilge), An tOllamh Alison Henry (Aoi na Comhdhála), An Dr. Micheál Ó Duibh (Príomhfheidhmeannach), Caoimhín Ó Peatáin (Cathaoirleach) & Micheál Mac Giolla Ghunna (Príomhoide Choláiste Feirste)

Scéalta ón dTuaisceart

Gabháil na Gairmiúlachta in Earnáil na Gaelscolaíochta ó thuaidh

Tionóladh Comhdháil Chomhairle na Gaelscolaíochta 2013 ar 15 Márta i gColáiste Feirste agus *Gabháil na Gairmiúlachta* mar théama aici. Bhí breis is 300 duine i láthair. Thagair Príomhfheidhmeannach Chomhairle na Gaelscolaíochta an Dr. Micheál Ó Duibh do na mórathruithe atá ag tarlú i saol an oideachais ó thuaidh;

“ní dóigh liom gur aon áibhéil é le rá go bhfuil muid beo i dtéimhse na mórathruithe nó tá ar earnáil na gaelscolaíochta ó thuaidh plé leis an Bhille Oideachais, le bunú an Údaráis Scileanna agus Oideachais, leis an athbhreithniú ar an scéim mhaoinithe scoileanna, le pleanáil cheantar gan trácht ar chúraimí oideachais na hearnála”.

Cuireadh béim ar fhorbairt na hiar-bhunscolaíochta lánGhaeilge nuair a dúradh; *“As na bunscoileanna uilig ó thuaidh tá breis is trian acu nach bhfuil teacht fhurasta ag a ndaltaí ar rogha na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge. Tuigeann muid go léir nach bhfuil ceist na hiar-bhunscolaíochta furasta mar cheist. Ina aithint seo tuigeann muid fosta gur ceart go mbeadh rogha na hiar-bhunscolaíochta ann do gach dalta gaelscoile biodh sé gur roghnaítear i nó nach roghnaítear í. Tá Comhairle na Gaelscolaíochta, mar fhoras a phléann le forbairt straitéiseach na hearnála, tiomanta do rogha na gaelscolaíochta ag an iar-bhunleibhéal a chur ar fáil do gach dalta gaelscoile. Aithníonn muid, áfach, gur páirtnéirí sinn agus nach féidir linn an sprioc a bhaint amach linn féin”.*

Le linn óráid an phríomhfheidhmeannaigh thug an Dr. Ó Duibh aitheantas ar leith do mhúinteoirí gaelscoile.

“Is croí na teanga sibh. Is sibh a thugann beocht agus fuinneamh don teanga. Is mar thoradh ar bhur gcuid oibre a bhfuil pobal labhartha Gaeilge againn atá oile le plé go cumasach le dúshlán an tsaoil. Is sibh a thugann ceird na gairmiúlachta don aos óg agus is todhchaí na teanga iad siúd”.

Anuas ar an méid thuas, díriodh aird na comhdhála ar an Bhille Oideachais agus ar an

tábhacht a bhaineann leis agus le hobair Chomhairle na Gaelscolaíochta i gcinntiú struchtúr ceart san Údarás Scileanna agus Oideachais agus in earnáil atá fogair.

D'iarr an Dr. Ó Duibh tacaíocht ó na scoileanna chun a chinntiú go mbeidh ann do na rudaí atá faoi láthair in easnamh sa Bhille mar atá:

1. Ballraíocht ag Earnáil na Gaelscolaíochta ar Bhord Stiúrtha an Údaráis Scileanna agus Oideachais (ÚSO): Gan seo ní bheidh glór na gaelscolaíochta le cloisteáil ag leibhéal straitéiseach.

2. Teanga aitheanta mar luach ag ÚSO: Sa Bhille faoi láthair aithnítear forbairt an dalta i dtéarmaí spioradálta, morálta, cultúrtha, sóisialta, intleachtúla agus fisiciúla. Cén fáth, mar sin, nach bhfuil forbairt teanga ina measc?

3. Stádas dlíthiúil agus sainmhíniú ar leith ag gaelscoileanna mar scoileanna ar leith iontu féin: Faoi láthair aithnítear gaelscoileanna mar scoileanna faoi chothabháil eile. Níl, mar sin, aon stádas dlíthiúil acu mar ghaelscoileanna. Molann Comhairle na Gaelscolaíochta gur cheart an stádas seo bheith acu agus sainmhíniú ar leith tugtha do gach cineál gaelscoile.

4. Foclaíocht a chinntíonn go bhfuil dualgas ag aon fhoras gaolmhar den Roinn Oideachais an ghaelscolaíocht a éascú agus a spreagadh.

Cuireadh ar shúile na comhdhála fosta go bhfuil clásal atá luaite sa Bhille i leith na gaelscolaíochta atá i mbaoil bheith bainte amach, sin clásal a chuireann ar an Údarás Oideachais agus Scileanna an ghaelscolaíocht a éascú agus a spreagadh. Tugadh le fios gur den riachtanas é go gcoinnítear an clásal seo sa Bhille.

D'iarr an Dr. Ó Duibh ar a raibh i láthair ag an comhdháil a nglór a chur leis an díospóireacht.

Treoirleabhar Nua

Tá treoirleabhar maidir le Forbairt Scoilphobail á n-ullmhú ag GAELSCOILEANNA TEO. faoi láthair, ar mhaithe le feasacht i dtaobh chúrsaí scoilphobail a ardú agus dea-chleachtais a bhailiú agus a spreagadh i measc na scoileanna lán-Ghaeilge.

Sé an pleanálaí teanga Mait Ó Brádaigh, atá ina phríomhoide ar Ghaelscoil de hÍde, Gaillimh, atá á fhorbairt. Tá súil againn go mbeidh an treoirleabhar ar fáil mar PDF ar www.gaelSCOILEANNA.ie gan ró mhoill.

Airgead le buachan ó SAOL

Tá Crosfhocal SAOL anois beo sa dóigh gur feidir é a chomhlánú ar líne go díreach sa chrosfhocal féin agus é a sheoladh chucu gan stró.

Duaischiste €200 (4 x €50), dhá ceann acu do dhaltai scoile.

[Crosfhocal Nua Saol na Gaeilge Márta 2013](http://www.gaelSCOILEANNA.ie)

<http://saol.gaeilge.ie/EagránReatha/Comórtais>

Staitisticí agus Taighde ar www.gaelSCOILEANNA.ie



Ba mhan linn buíochas ó chroí a ghabháil leis na scoileanna a chabhraigh linn trína gcuid staitisticí a roinnt linn don scoilbhliain 2011/12. Tugann an t-eolas seo léargas cruinn dúinn ar an earnáil agus ar riachtanais na scoileanna agus is mór an cúnamh é chun cás na scoileanna a bhrú chun cinn go húdásach. Tá na staitisticí ar bhonn ginearálta ar fáil ar an suíomh gréasáin faoin rannóg 'Fúinn' ar an suíomh. Tá staitisticí 2012/2013 á gcur le chéile againn faoi láthair agus bheimis buíoch do na scoileanna nár sheol an fhoirm ar ais chugainn go fóill, sin a dhéanamh gan ró-mhoill.

Tá an rannóg Taighde á fhorbairt againn go rialta agus moltar duit sracfhéachaint a chaitheamh air. B'fhéidir go n-aimseoidh tú ábhar feiliúnach agus spésiúil duit nó b'fhéidir go mbeidh moltaí agat chun cur leis an rannóg, agus d'fháilteodh muid i gcónaí roimh bhreis ábhair. Tá sé ar fáil ar an suíomh faoi 'Oiliúint'.

Guth na Mara
ISBN: 978-0-9574024-0-9 Praghas: €6.00
Feiliúnach don aoisghrúpa 10+

Daltaí atá ag freastal ar mheánscoileanna Oileáin Árann a scríobh na scéalta spreagúla sa leabhar seo.

Foras na Gaeilge

Beag agus Bídeach
ISBN: 978-0-9574024-1-6 Praghas: €8.75
Feiliúnach don aoisghrúpa 4-7

Is breá le Sinéad an teachin spraoi. Ach ansin faigheann sí amach go bhfuil beirt fear beag bídeach ina gcónaí sa teachin. Seo í an chéad leabhar sa tsraith Beag agus Bídeach.

Leabhar Spraoi
ISBN: 978-0-9574024-2-3 Praghas: €6.75

Tá na gníomhaíochtaí sa leabhar seo bunaithe ar an leabhar Beag agus Bídeach. I measc na gníomhaíochtaí tá dathú agus meaitseáil, lúbraí agus crosfhocail, ceangail na spotaí agus aimsigh na dífriochtaí.

Gathanna Gréine Teoranta
Inis Oirr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe
Ríomhphost: gathannag@gmail.com Guthán: 086 822 0272

Nuacht na hEarnála Oideachais

Suirbhéanna ar Phátrúnacht agus Iolrachas



Ó Samhain 2013 tá próiseas nua ar bun ag an Roinn Oideachais agus Scoileanna chun breathnú ar an gcaoi a bhféadfaí ríocht scoileanna atá faoi chúram an Eaglais Chaitlicigh a aistriú chuig comhlachtaí pátrúnachta eile. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo i ndiaidh plé ag an bhfóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas, ar mhaithe le freastal ar rogha tuismitheoirí maidir le hoideachas a gcuid páistí agus le cur leis an éagsúlacht atá ar fáil sna scoileanna, ach go háirithe i gceantair ina bhfuil daonra seasta agus nach bhfuil sé i gceist ag an Roinn Oideachais scoileanna nua a bhunú.

Sa chéad chéim den phróiseas seo, iarradh ar na tuismitheoirí agus caomhnóirí go léir a bhfuil leanaí acu atá ag freastal ar bhunscoileanna nó ar réamhscoileanna sna ceantair sin suirbhéanna a líonadh. Tugadh deis dóibh a rogha a chur in iúl maidir le sainmheon teanga scoile, sainmheon creidimh scoile agus pátrún scoile, le heolas curtha ar fáil maidir leis na roghanna pátrúnachta.

Beifear ag súil leis go dtabharfaí torthaí na suirbhéanna seo treoir don Roinn maidir le cén cineál bunscoile ar mhaith le tuismitheoirí agus caomhnóirí go mbeadh a gcuid páistí ag freastal orthu. Rinneadh suirbhéanna i 43

ceantar san iomlán, 5 chinn i mí na Samhna agus an 38 eile i mí Eanáir agus Feabhra. Tá na torthaí ar na suirbhéanna a rinneadh in An tInbhear Mór, Caisleán an Bharraigh, Fionnhrú, Baile Átha Troim agus an Trá Mhór le léamh ar www.education.ie agus foilseofar na torthaí ó na suirbhéanna sna 38 ceantar eile ar shuíomh na Roinne go luath.

Deir an Roinn Oideachais go n-úsáidfear freagraí na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí le féachaint cad iad na hathruithe atá riachtanach, más gá aon athrú a dhéanamh, chun go mbeidh rogha níos leithne ann ó thaobh bunscoileanna de sna ceantair sin. Féachfar ar na féidearthachtaí maidir le sainmheoin agus pátrúin scoileanna a athrú i ngach ceantar de réir éilimh, agus le comhaontú pobail na scoileanna. Tosófar ag plé leis na pátrúin reatha agus ionchasacha sna ceantair éagsúla a luaithe is a mbeidh na torthaí ar fáil, agus tá súil ag an Roinn go gcuirfí moltaí uathu faoina mbráid laistigh de 6 mhí.

Tá breis eolais maidir leis an bpróiseas mar a bhaineann sé leis na scoileanna lán-Ghaeilge agus éileamh ar an ngaelscolaíocht ar fáil ar www.gaelscoileanna.ie.

Ábhar Saor in Aisce ón Oifig

- Pacáistí eolais Gaeilge / Béarla *'Buneolas ar an nGaelscolaíocht'*
- DVD: *'Buneolas ar an nGaelscolaíocht'*
- Bileog luath-thumoideachais
- Bileoga tumoideachais Gaeilge / Rómáinis, Francis, Portaingéilis, Polainnis, Rúisis
- Bileoga iar-bhunscoile Gaeilge / Béarla
- 'Ár bPolasaí Gaeilge'

Glaigh ar oifig GAELSCOILEANNA TEO. ar 01-8535195 chun iad a ordú.

Coirm Gael Linn 2013 Buailte Linn!

Comhghairdeas leis na haisteoirí, ceoltóirí agus damhsóirí óga ó Scoil Uí Riada, Cill Choca, Co. Chill Dara a bhí ar ardán san Áras Ealaíne, An Mhuileann gCearr ag féile Coirm Gael Linn le ar an 13 Márta. Ghnóthaigh siad gradam don obair foirne a léirigh an chliar óg le linn an tseó 'Labhraidh Loinseach'. Sa phictiúr tá (ó chlé) Ben Mulholland, Emily Gleeson, Ciara Howe, Tadhg McAuley, Leah Percival agus an t-aisteoir, Brídín Nic Dhonncha ('Gráinne' i Ros na Rún) a bhí mar léirmheastóir ar an lá.

Reáchtáil Gael Linn naoi gcinn de fhéilte Coirm in amharclanna éagsúla ar fud na tíre le linn mhí Feabhra agus mhí Márta ag a léirigh os cionn 70 bunscoil, idir gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta, seónna. Bhí a rogha téama ag gach scoil, agus meascán de mhíreanna – drámaíocht, ceol, amhránaíocht,

Gael Linn

scéalaíocht, aithriseoireacht, rince agus a leithéid – i ngach seó. Ní raibh comórtas i gceist ag Coirm, ach tugadh aitheantas (i bhfoirm ghradaim) do sheónna nó do mhíreanna as seónna a léirigh ardchaighdeán ag na féilte. Chomh maith le bheith ar stáitse iad féin, bhí deis ag na daltaí seónna ó scoileanna eile a fheiceáil. Agus le cur le hatmaisféar na féile, bhí siamsóirí i láthair ag gach ócáid chun gáire a bhaint as an lucht féachana idir mhíreanna, ina measc an fear grinn iomráiteach, Giggles!



Sa phictiúr tá (ó chlé) Ben Mulholland, Emily Gleeson, Ciara Howe, Tadhg McAuley, Leah Percival agus an t-aisteoir, Brídín Nic Dhonncha ('Gráinne' i Ros na Rún) a bhí mar léirmheastóir ar an lá.

Tá rannóg ar www.gaelscoileanna.ie do thuismitheoirí, le freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis an ngaelscolaíocht. Cuir bhuir gcuid tuairimí agus moltaí chugainn!

Gaelscéal ar Scoil



Forlíonadh agus suíomh oideachasúil don dara leibhéal

San forlíonadh gach seachtain tá:

- Nótaí tacaíochta don rang Gaeilge, don Ardteistiméireacht agus don Teastas Óisearach.
- Nótaí tacaíochta le Comhar na Múinteoirí Gaeilge.
- Nótaí OSSP/OSPS
- Ailt ghairmthreoracha.

Nua! Dhá
leathanach
d'ábhar
bunscoile sa
nuachtán gach
seachtain

Téigh chuig an suíomh oideachais ag www.oideachas.guelsceal.ie ar feadh na scoilbhliana chun:

- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus an Teastais Shóisearaigh.
- Ábhar cluastuisceana.
- Ábhar léamhthuisceana.
- Ábhar tacaíochta d'fhoghlaím na gramadaí
- agus ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim OSSP agus OSPS.

Síntiúis ar fáil do scoileanna ar phraghas speisialta

Chun síntiús a ghlacadh is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.oideachas.guelsceal.ie
nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais,
Caroline Ní Chualáin, ag: scoil@guelsceal.ie/091-897766

Lean muid ar:



Le tacaíocht ó:



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilchta & Gaelscolaíochta



Acmhainní

Comórtas: Cóipeanna de *Rirá* ar fáil ó Choimicí Gael

Foilsíonn Coimicí Gael *Rirá*, coimic nó leabhar grinn do dhaoine óga idir 8 – 14 d'aois.

Nuair a bhí Aidan Courtney óg bhí a lán coimicí/leabhar grinn sna siopaí. Cheap sé go mbeadh sé go maith coimicí as Gaeilge a bheith ann freisin. Bhí sé i Toronto, Ceanada ar feadh tamaill agus thosaigh sé ag léamh coimicí Fraincise. Níl a chuid Fraincise ar fheabhas ach bhí sé ábalta na leabhair a thuiscint. Rith an smaoineamh leis – más rud é go raibh sé ábalta coimicí greannmhara a léamh agus pléascadh amach ag gáire i dteangacha eile: cén fáth nach bhfuil aon rud cosúil leis sin in Éirinn?

Is meán iontach iad na coimicí chun páistí a chur ag léamh. Nuair a bhíonn duine ag léamh coimicí is comhrá a bhíonn á léamh acu go minic. Cuidíonn na pictiúir leo an scéal a thuiscint. Tháinig Aidan abhaile ó Ceanada agus thosaigh sé ag caint le Foras na Gaeilge faoin smaoineamh a bhí aige. Ó shin, tá *Rirá*

#1, #2, #3 agus #4 foilsithe ag Coimicí Gael agus iad ar fáil i siopaí ar fud na tíre. Tá *Rirá* #3 agus #4 ar fáil chomh maith mar eagráin digiteacha, ar an iPad, iPhone, iPod agus Kindle Fire.


Is féidir tuilleadh eolais maidir le Coimicí Gael a fháil ar an suíomh thíos:

www.coimicigael.bigcartel.com.



Le cóip de *Rirá* a bhuachan, ní gá ach ríomhphost a chur chuig Aidan (eolas@coimicigael.ie) agus gheobhaidh an céad cúigear a chuireann ríomhphost den teideal 'Comórtas *Rirá* le GAELSCOILEANNA TEO.' cóip den choimic sa phost. Go n-éirí libh!

Cluichí i nGaeilge don Seomra Ranga



Tá áthas ar *Smart Cat Games* Cluichí Gaeilge a chur i do láthair – sraith nua de chluichí iontacha trí mheán na Gaeilge – atá deartha chun cuidiú le daltaí bunscoile an Ghaeilge a fhoghlaim ar bhealach spráúil, taitneamhach agus ar bhealach neamhfhoirmeálta.

Tá 10 gcluiche ar fad sa tsraith Cluichí Gaeilge atá bunaithe ar 10 dtéarma an Churaclaim Náisiúnta don Ghaeilge. Tá cluiche deartha do gach téama ag baint úsáide as an réimse focal a bhaineann le gach ceann. Tagann siad mar phacáiste de 10 i mbosca trédhearcach.

Le haghaidh tuilleadh eolais féach ar na hiomhánna thíos nó déan teagmháil le Claire ag na sonraí thíos.

087 632 8308

info@smartcatgames.ie

www.smartcatgames.ie

Acmhainní

Sraith Leabhar Vroom-Town



Sraith leabhar is ea Vroom-Town maidir le trucaillí den uile chineál, a bhfuil pearsantachtaí éagsúla acu. Tá sé nasctha chomh maith le suíomh gréasáin idirghníomhach darb

ainm Vroom-Town.ie. Bhí bearna ollmhór sa mhargadh do leabhair a gcuirfeadh buachaillí óga 5 – 8 mbliana d'aois suim iontu.

Bíonn ceacht morálta sa scéal i gcónaí, rud a chabhróidh le buachaillí ceachtanna saoil a

fhoghlaim, in éineacht leis an difear idir 'ceart agus mícheart'.

B'fhiú a thabhairt do d'aire gur foilsíodh agus gur forbraíodh na leabhair, an suíomh gréasáin, srl. in ÉIRINN. Dá mba mhaith leat cuid de na leabhair a cheannach le haghaidh leabharlann do scoile, nó má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil leis an údar, Emer Conlon ag 087 91 86 805. Chomh maith leis sin, má bhíonn Seachtain Leabhar ar siúl i do scoilse, ba bhreá lei deis a fháil a cuid scéalta a léamh ós ard do na páistí.

Nuachtlitir Nua agus Leabhair le Buachaint

Tá tús curtha ag Cló Iar-Chonnacht le nuachtlitir do scoileanna a dhíreoidh ar an litríocht sa seomra ranga. Beidh treoir do mhúinteoirí ar na leabhair is déanaí atá feiliúnach do ranganna scoile. Chomh maith leis sin beidh lascaire ar na leabhair do scoileanna agus duaiseanna le buachaint. Sa nuachtlitir, a thiocfaidh amach gach cúpla mí, beidh eolas faoi conas an leas is mó a bhaint as an leabhar Gaeilge sa seomra ranga chomh maith le freagraí ar cheisteanna atá ag múinteoirí. Má tá moltaí ar bith agat mar mhúinteoir, cuir chugainn iad ar poiblicht@cic.ie.

Tá leabhair le buachaint agus beidh gach seoladh ríomhphost atá cláráithe don nuachtlitir nua san iomaíocht dó. Beidh na buaiteoirí ainmnithe sa chéad nuachtlitir eile a thiocfaidh amach Dé Luain, 25 Márta.



Más mian leat clárú leis an nuachtlitir seo, níl le déanamh agat ach ríomhphost a chur ar chuig poiblicht@cic.ie leis an bhfocal 'cláraigh' scríofa air. Abair freisin, le do thoil, an le bunscoil nó meánscoil atá tú agus ainm na scoile.

Cuimhní Cinn curtha i Scríbhinn

Tá bailiúchán scéalta ar fáil sa leabhar seo le Caitlín Bheité Ní Chuireáin maidir leis an saol mar a bhí i dTír Chonaill sna daichidí agus caogaidí. Tá an leabhar feiliúnach do pháistí agus do dhaoine fásta. Tá costas €12 air le postas san áireamh.

Sa mBaile i mo Cholainn

Le Pádraig Ó Fátharta, sagart i gConamara, an t-sraith dlúth-cheirníní labhartha seo, Sa mBaile i mo Cholainn. Agus an saol ag athrú in aghaidh an lae, tugann Pádraig cuireadh dúinn stopadh corr-uair, agus cuireann sé cleachtaí agus machnaimh ar fáil dúinn le muid a shuaimhniú, sa gcaoi go mbeadh ár gcolainn agus ár n-intinn ag iomramh le chéile ar aon bhuille amháin.

www.athomeinmybody.com



Má tá cóip den leabhar uait, is féidir ríomhphost a chur chuig an t-údar: caitlincurran@hotmail.co.uk

Má tá ábhar nó foilseacháin go gceapann tú gur cheart go mbeadh scoileanna lán-Ghaeilge ar an eolas faoi, cur chugainn ar rphost é ar oifig@gaelscoileanna.ie agus scaipfear an t-eolas ar phobal na gaelscolaíochta.




Acmhainní

Dialann Obair Bhaile as Gaeilge Saor in Aisce


Tá áthas ar an gcomhlacht Éireannach, Phoenix Journals, dialann obair bhaile as Gaeilge a chur ar fáil saor in aisce do scoileanna lán-Ghaeilge. Tá siad saor in aisce do scoileanna mar go bhfaightear ioncam ó na deiseanna fógraíochta le comhlachtaí áitiúla. Tugtar geallúint go gcuirfear dialann scoile pearsantaithe, oifigiúil ar fáil ar ardchaighdeán. Tá siad sásta freastal ar riachtanais ar leith scoil ar bith freisin.

Beidh sé daite agus lárfhuaite ar mhéid A5 chomh maith le bheith pearsantaithe le suaitheantas scoile, grianghraifeanna, rialacha scoile, polasaithe srl leagtha amach ann.

Tuilleadh eolais ar fáil:
www.phoenixjournals.ie
emmet@telclic.net
086 7775213



Úrscéal Mistéire agus Eachtraíochta



Fógraíodh an tseachtain seo go bhfuil **HÓNG** le **Anna Heussaff** ainmnithe ar ghearrliosta ghradaim Children's Books Ireland (CBI).

Tá HÓNG an-oiriúnach mar 'fíor-leabhar' léitheoireachta sa seomra ranga, agus tá gluais ag deireadh an scéil.

Cuirtear lascaine 37.5% ar fáil do ranganna scoile (10+ leabhar)

Praghas: **€5.00** (Gnáthphraghas €8.00)

Is é HÓNG an dara úrscéal don aos óg a scríobh Anna Heussaff. Cuireann sí ceardlanna scoile ar siúl faoi scáth scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna / Writers in Schools: <http://www.poetryireland.ie/education/wis-directory.php?id=279>

Bronnadh mórdhuais Oireachtais ar an saothar seo agus ar gach úrscéal eile dá cuid.

Le cóip de HÓNG a bhuachan, ní gá ach ríomhphost a chur chuig Julianne (poibliocht@cic.ie) agus gheobhaidh an céad beirt a chuireann ríomhphost den teideal 'Comórtas HÓNG le GAELSCOILEANNA TEO.' cóip den leabhar sa phost. Go n-éirí libh!

Fógraí

Stiúrthóir Naíonra de dhíth

Tá Stiúrthóir ag teastáil ó Naíonra i mBiorra, Co. Uibh Fhailí. Is €20 san uair an ráta pá agus 30 uair sa seachtain a bheadh i gceist.

Tá an Stiúrthóir ag teastáil le haghaidh seisiún maidine agus seisiún tráthnóna.

Is gá go mbeadh líofacht na Gaeilge (labhartha agus scríofa) ag an iarrthóir mar aon le cáilíocht CDBO/FETAC Leibhéal 5 nó 6 ina iomláine.

Moltar go mbeadh na cáilíochtaí seo a leanas ag iarrthóirí chomh maith, nó iad a bheith sásta tabhairt fóthu:

- Dianchúrsa FNT
- Oiliúint gharchabhrach
- Oiliúint Cosaint Leanaí

Is é **28 Márta 2013** an spriocdháta. Eagrófar agallaimh i ndiaidh an dáta sin.

Is féidir glaoch a chur ar Stella ag 085 7112211 nó ríomhphost a chur chuig info@stellathompson.com má tá spéis agat sa phost.

Airgead le Buachaint ag Scoileanna

Tá an comórtas “What’s Your Story” seolta don dara bliain agus ba mhaith leo go dtógfaidh do scoil páirt! Creideann siad gurb iad daoine óga cuid den réiteach ar conas domhan ar líne don pobal a chur chun cinn atá sábháilte agus freagrach. Tugann sé guth do dhaoine óga a chuireann iad ag smaoineamh go dearfach ar an idirlíon agus conas a úsáidtear é.

Séard atá le déanamh ná póstaer nó físeán 2 noiméad a chruthú don téama “Cén chuma atá ar an dtaobh dearfach den idirlíon?” Tá cead seo a dhéanamh as Gaeilge chomh maith. Nuair atá sé curtha isteach ar líne, beidh an pobal in ann breathnú air agus siad na hiontrálacha leis an méid is mó amhairc agus rátála a gheobhaidh gearrliostaithe do na moltóirí. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar na daoine óga an focal a scaipeadh chun go mbreathnóidh daoine ar a gcuid iontrálacha.

Is féidir le héinne ó aois 8 ar aghaidh cur isteach air. Is gníomhaíocht oideachasúil

é chomh maith don teaghlach uilig áit ar féidir leo breathnú ar iontrálacha le chéile.

D’fhéadfadh duine nó scoil a bheith mar an buaiteoir de bharr físeán nó póstaer agus gheobhfar €3,000. Laistigh de gach aoisghrúpa, beidh €500 tugtha don póstaer nó físeán a bhuann. (beidh cead tuismitheora/caomhnóra de dhíth ó iontrálaithe faoi 18).

Eolas agus rialacha le fáil ar an suíomh: www.trendmicro.ie/whatsyourstory

Ríomhphost: whatsyourstory@trendmicro.ie

Spriocdháta: **16 Aibreán**

